Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil

Ollscoil Mhá Nuad

Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora

1 Meán Fómhair 2022 – 31 Lúnasa 2023

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

ALTE Q222

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Crannchur Náisiúnta

Cúlra

Is scrúdú inniúlachta Gaeilge atá i *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)*. Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimeoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá ag freastal ar ranganna oíche nó ar chúrsaí eile Gaeilge. Tá sé oiriúnach chomh maith dóibh siúd atá i mbun staidéar príobháideach. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga. Tá an tsonraíocht atá mar bhunús le *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)* bunaithe go ginearálta ar na tuairiscíní do leibhéal A1 den *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha* (Comhairle na hEorpa, 2001). Meastar gur cheart d'iarrthóirí, nach ndearna staidéar ar an teanga roimhe seo, timpeall 80-100 uair an chloig a chaitheamh i mbun staidéir sula dtugann siad faoin scrúdú seo. Níl ceangal ar bith idir an scrúdú féin agus cúrsa teanga faoi leith. Níl *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)* oiriúnach do chainteoirí dúchais Gaeilge ná dóibh siúd a bhfuil aon cháilíocht acu sa Ghaeilge cheana féin.

Líon na n-iarrthóirí

Tugtar sa tábla thíos líon na n-iarrthóirí a thug faoi *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)* ón uair a bunaíodh é sa bhliain 2005.

Bliain	Líon iarrthóirí
2005	7
2006	10
2007	121
2008	115
2009	107
2010	85
2011	78
2012	71
2013	41
2014	33
2015	33
2016	52*
2017	45*
2018	53*
2019	68*
2020	Ar ceal de bharr na paindéime
2021	58*
2022	31*
2023	141*

** Iarrthóirí a rinne Páirtchreidiúint san áireamh.*

Is é is ábhar don tuairisc seo, na scrúduithe ar fad (idir lánchreidiúint agus pháirtchreidiúint) a reáchtáladh ón chéad lá de Mheán Fómhair 2022 go dtí 31 Lúnasa 2023.

Aiseolas ó na hiarrthóirí

Tugtar cuireadh do na hiarrthóirí go léir aiseolas a thabhairt do Lárionad na Gaeilge faoi cibé scrúdú a rinne siad. Iarrtar orthu ceistneoir a líonadh agus a dtuairimí a thabhairt faoi riar an scrúdaithe agus faoi ábhar agus leagan amach an scrúdaithe. Is aiseolas fíorluachmhar é seo agus cabhraíonn sé le Lárionad na Gaeilge feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar chóras scrúdaithe Theastas Eorpach na Gaeilge.

Próifíl na n-iarrthóirí

Bailítear eolas faoi chúlra na n-iarrthóirí ó na foirmeacha iarratais. Ag brath ar líon na n-iarrthóirí, déantar anailís ar an eolas sin, ó am go chéile, le cabhrú linn próifíl a chruthú den chineál foghlaimeora a thugann faoi na scrúduithe ag na leibhéil éagsúla.

Fir ba ea thart ar 39% de na hiarrthóirí. Bhí seoladh baile de chuid na hÉireann ag timpeall 90% de na hiarrthóirí agus bhí an chuid eile de na hiarrthóirí lonnaithe in áiteanna éagsúla thar lear, mar shampla Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an Fhrainc, An Bhreatain Bheag agus Sasana.

Na hionaid scrúdaithe

Faoi láthair reáchtáiltear *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)* sna hionaid seo a leanas (ag brath ar an éileamh):

- Má Nuad
- Gaillimh
- Leitir Ceanainn
- Caisleán an Bharraigh
- Luimneach
- Corcaigh
- Ciarraí
- Cill Chainnigh
- Centre Culturel Irlandais, Páras

An scrúdú

Is mar seo a leanas a roinntear na marcanna i *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)*:

Labhairt	40%
Cluastuiscint	25%
Léamhthuiscint	25%
Scríbhneoireacht	10%

An grádú

Is é atá sa mharc deiridh a fhaigheann an t-iarrthóir i *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)* ná comhiomlán na marcanna a fhaigheann an t-iarrthóir i ngach ceann de cheithre chomhpháirt an scrúdaithe (labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht). Ní éilítear pasmharc íosta sna comhpháirteanna féin. Seo a leanas, sa tábla, an grádú a dhéantar ar na marcanna sa scrúdú.

Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)	
80-100%	Pas le Gradam
65-79%	Pas le Tuillteanas
50-64%	Pas
0-49%	Teip

Tabhair faoi deara go mbaineann na figiúirí thíos le daoine fásta a thug faoin scrúdú udur Meán Fómhair 2022 agus Lúnasa 2023. Tá figiúirí maidir le daltaí meánscoile le fáil i dtuairisc faoi leith.

Tugtar dáileadh na ngrád a gnóthaíodh i *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)* sa tréimhse seo sa tábla thíos.

(a) Lánchreidiúint

Grád	*Céatadán na n-iarrthóirí*
Pas le Gradam	31%
Pas le Tuillteanas	31%
Pas	25%
Teip	13%

(b) Páirtchreidiúint (an scrúdú cainte)

Grád	*Céatadán na n-iarrthóirí*
Pas	69%
Teip	31%

An scrúdú cluastuisceana

Is é an scrúdú cluastuisceana an chéad chuid den scrúdú. Tugtar cúig nóiméad d'iarrthóirí chun na ceisteanna sa chuid seo a léamh sula seinntear na míreanna éisteachta. Maireann an chuid seo den scrúdú timpeall 25 nóiméad san iomlán. Léirítear an leagan amach a bhíonn ar an scrúdú cluastuisceana sa tábla thíos.

Ceist	*Líon na míreanna*	*An cineál téacs*	*Formáid na bhfreagraí*	*Fócas an taisc*
1	12	2 mhonalóg neamhfhoirmiúla	Freagra gearr (focal amháin nó uimhir)	Ag éisteacht chun eolas cuí faoi chúrsaí pearsanta a aimsiú (m.sh. cineál poist, líon páistí, caitheamh aimsire srl.)
2	6	3 fhógra ghearra leathfhoirmiúla	Freagra gearr. Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag éisteacht chun teacht ar eolas simplí fíorasach (m.sh. praghsanna, uimhreacha, dátaí.)
3	6	3 theachtaireacht ghearra neamhfhoirmiúla	Freagra gearr. Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag éisteacht chun teacht ar eolas simplí fíorasach (m.sh. socruithe, áiteanna, cur síos.)
4	6	3 chomhrá ghearra neamhfhoirmiúla	Freagra gearr. Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag éisteacht chun teacht ar eolas simplí fíorasach

Na marcanna sa scrúdú cluastuisceana

Léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana.

Cluastuiscint	
Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó	69%
Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%	31%

An scrúdú cluastuisceana- comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí

Sa scrúdú cluastuisceana, bíonn ar na hiarrthóirí eolas simplí fíorasach a aimsiú (m.sh. uimhir theileafóin, lá na seachtaine, am, áit srl.) nó teacht ar an rogha cheart as trí nó ceithre rogha. Ní ghearrtar pionós ar na hiarrthóirí as focail a litriú go mícheart chomh fada agus is féidir an méid atá scríofa acu a thuiscint. Go ginearálta, d'éirigh go maith le hiarrthóirí sa scrúdú cluastuisceana. Ba cheart, mar sin féin, díriú ar na pointí seo a leanas:

- Ba cheart d'iarrthóirí na cúig nóiméad a bhíonn acu sula gcuirtear an taifeadadh ar siúl a chaitheamh ag léamh na gceisteanna go cúramach. Níor mhiste dóibh líne a chur faoi eochairfhocail agus faoi nathanna cainte sa cheist a bhfuil tábhacht leo. Gach seans go gcabhróidh sé sin leo teacht ar an eolas atá uathu agus iad ag éisteacht leis na míreanna e.g. '*Cén t-am a mbeidh an dráma ar siúl?*' Meabhraítear d'iarrthóirí nach mbíonn sé inmholta na ceisteanna a aistriú go Béarla mar nach mbíonn go leor ama ann chuige sin.

- Uaireanta, cuireann iarrthóirí in iúl sna ceistneoirí nach mbíonn go leor ama acu chun na freagraí a scríobh síos. Tá go leor slite ann chun teacht timpeall ar an fhadhb seo:

  (1) Ní gá uimhreacha iomlána a scríobh amach. Mar shampla, más í an cheist ná, '*Cé mhéad páiste atá ag Seán?* is leor an uimhir cheart a scríobh, mar shampla, '3'.

  (2) Ní gá abairtí iomlána a scríobh. Is leor an freagra a thabhairt. Mar shampla, chun freagra a thabhairt ar cheist mar '*Cá bhfuil Máire ag dul?*' is leor mar fhreagra '*Ag siopadóireacht*'.

  (3) Tá claonadh ag go leor iarrthóirí iarracht a dhéanamh píosaí fada de na míreanna éisteachta a bhreacadh síos sula dtugann siad faoi na ceisteanna féin a fhreagairt. Ní bhíonn go leor ama ar fáil chuige sin. Cloistear gach píosa éisteachta faoi dhó, agus bíonn go leor sosanna ann chun seans a thabhairt d'iarrthóirí na freagraí a bhreacadh síos nó tic a chur sa bhosca cuí.

- Ba cheart d'iarrthóirí leanúint ar aghaidh agus a n-aird a choinneáil ar an mhír éisteachta fiú mura dtuigeann siad gach rud nó má bhíonn deacracht acu le píosa faoi leith den mhír. Más gá d'iarrthóirí tic a chur i mbosca mar chuid den tasc, is féidir leo buille faoi thuairim a thabhairt. An rud is tábhachtaí ná nach gcaithfeadh iarrthóirí an iomarca ama ar rud éigin nach dtuigeann siad. Ba cheart dóibh, sa chás sin, bogadh ar aghaidh go dtí an chéad cheist eile sa leabhrán scrúdaithe agus a bheith ullamh chun éisteacht leis an chéad phíosa eile.

- Nuair a bhíonn tic le cur i mbosca meabhraítear d'iarrthóirí gur cheart dóibh gan tic a chur ach i mbosca amháin, murab amhlaidh go gcuirtear in iúl dóibh go bhféadfadh níos mó ná freagra amháin a bheith ann. I gcásanna mar seo, nuair nach dteastaíonn ach freagra amháin, ní bhronnfar marcanna má chuireann an t-iarrthóir tic i níos mó ná bosca amháin.

- Moltar d'iarrthóirí éisteacht go cúramach leis an mhír éisteachta sula dtugann siad faoin cheist. Má chuirtear ceist den chineál seo a leanas '*Cá bhfuil Seán ina chónaí?*' níor cheart d'iarrthóirí an chéad áit a luaitear sa mhír a bhreacadh síos. Gach seans go luafar cúpla áit, ach ní bheidh Seán ina chónaí ach in áit amháin acu seo. B'fhéidir go gcloisfidh siad '*Is mise Seán agus is as Gaillimh mé. Tá mé pósta agus tá mé i mo chónaí i gCorcaigh anois le cúpla bliain ...*'

- Moltar do mhúinteoirí réimse leathan téacsanna agus tascanna éisteachta a úsáid chun cabhrú le hiarrthóirí leis an chluastuiscint i gcoitinne, chun cur lena stór focal agus chun straitéisí cuí a fhorb

An scrúdú léamhthuisceana

Nuair atá deireadh leis an scrúdú cluastuisceana, bíonn 90 nóiméad ag na hiarrthóirí chun tabhairt faoin scrúdú léamhthuisceana agus faoin scrúdú scríbhneoireachta. Tugtar leagan amach agus sonraí uile an scrúdaithe léamhthuisceana sa tábla thíos.

Ceist	*Líon na míreanna*	*An cineál téacs*	*Formáid na bhfreagraí*	*Fócas an taisc*
1	5	Abairtí a chomhlánú (Baineann na habairtí le téama/topaic amháin)	Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag léamh agus ag teacht ar ghnéithe cuí léacsacha.
2	5	5 chomhrá ghearra a chomhlánú	Freagra ilroghnach (trí rogha)	Ag léamh agus ag aithint na bhfreagraí cuí.
3	5	Comhrá níos faide a chomhlánú	Meaitseáil ilroghnach (roghnaigh 5 mhír as 8 gcinn)	Ag léamh agus ag aithint na bhfreagraí cuí.
4	7	Ríomhphost/litir/nóta srl.	Ceist ilroghnach (trí rogha: fíor/bréagach/ní deirtear)	Ag léamh agus ag fáil miontuisceana ar an ábhar agus ar na príomhsmaointe i dtéacs simplí.
5	7	Ríomhphost/litir/nóta srl.	Meaitseáil ilroghnach (roghnaigh 7 mír as 12)	Ag léamh agus ag teacht ar ghnéithe cuí léacsacha.

Na marcanna sa scrúdú léamhthuisceana

Léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú léamhthuisceana.

Léamhthuiscint	
Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó	62.5%
Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%	37.5%

An scrúdú léamhthuisceana - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí

Go dtí seo, tá ag éirí go maith le hiarrthóirí sa scrúdú léamhthuisceana. Is gá aird a dhíriú, mar sin féin, ar roinnt ceisteanna, mar a leanas:

- I gCeist 3, ba cheart d'iarrthóirí díriú isteach ar bhrí an chomhrá ina iomláine. Tá sé tábhachtach go léifeadh iarrthóirí an méid a thagann roimh na bearnaí ar fad agus ina ndiaidh sula mbreacann siad síos an freagra

- I gCeist 4 agus i gCeist 5, léann na hiarrthóirí téacs gearr. Moltar go léifeadh siad an téacs ina iomláine arís is arís eile sula dtugann siad faoi na ceisteanna a fhreagairt. Braitheann iarrthóirí go mbíonn na codanna seo den scrúdú léamhthuisceana dúshlánach agus moltar go dtabharfaí go leor seansanna dóibh chun cleachtadh a dhéanamh ar na cineálacha tascanna seo sa seomra ranga.

- Níor chóir d'iarrthóirí a bheith róbhuartha má thagann siad ar roinnt focal nach n-aithníonn siad. Uaireanta, seans go mbeidh siad ábalta úsáid a bhaint as an chomhthéacs chun teacht ar an bhrí agus seans gur féidir an cheist a fhreagairt fiú gan gach focal a thuiscint.

- Má iarrtar ar iarrthóirí tic a chur i mbosca, nó rogha amháin a phiocadh as cúpla rogha, níor cheart dóibh ach ***freagra amháin*** a roghnú. Ní féidir marcanna a bhronnadh má roghnaíonn iarrthóir níos mó ná rogha amháin. Más rud é go bhféadfadh níos mó ná freagra amháin a bheith ceart, cuirtear é sin in iúl go soiléir sa cheist.

An scrúdú scríbhneoireachta

Tá sonraí an scrúdaithe scríbhneoireachta leagtha amach thíos.

Ceist	*Líon na míreanna*	*An cineál téacs*	*Formáid na bhfreagraí*	*Fócais an taisc*
1	10	Ríomhphost nó nóta neamhfhoirmiúil	Triail iomlánaithe (oscailte)	Cruinneas gramadaí agus litriú.
2	8	Ríomhphost nó nóta neamhfhoirmiúil	Triail iomlánaithe (ceist ilroghnach)	Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga.

Na marcanna sa scrúdú scríbhneoireachta

Níl ach 10% de na marcanna ag dul don scríbhneoireacht ag an leibhéal seo. Léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú scríbhneoireachta.

Scríbhneoireacht	
Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó	69%
Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%	31%

An scrúdú scríbhneoireachta - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí
Ar an iomlán, éiríonn go measartha maith le hiarrthóirí sa scrúdú scríbhneoireachta ag an leibhéal seo. Moltar do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- I gCeist 1 agus i gCeist 2, ba cheart go dtuigfeadh iarrthóirí go mbíonn an freagra ag brath ar an chomhthéacs gramadaí. Mar sin, tá sé fíorthábhachtach go léifeadh siad a bhfuil roimh gach ceann de na bearnaí agus ina ndiaidh.

- I gCeist 1 (triail iomlánaithe oscailte) cuirtear pionós ar iarrthóirí má bhíonn earráidí sa litriú acu. Níor bhain cuid mhór de na hiarrthóirí úsáid as an síneadh fada nuair ba ghá sin a dhéanamh. Gach seans go mbeadh sé ina chabhair dá meabhrófaí d'iarrthóirí go bhféadfadh difríocht a bheith i gceist maidir le brí an fhocail má/mura gcuirtear síneadh fada ar ghuta (mar shampla '*féar*' agus '*fear*').

- Is minic a bhíonn deacracht ag na hiarrthóirí le codanna den scrúdú a éilíonn eolas faoi inscne na bhfocal. Mar shampla, roghnaigh cuid mhaith de na hiarrthóirí '*mór*' seachas '*mhór*' chun an bhearna a líonadh san abairt '*D'ith mé lón i mbialann_____ sa chathair.*' Ba cheart go dtuigfeadh iarrthóirí ag an leibhéal seo go bhfuil formhór na n-ainmfhocal a chríochnaíonn ar 'lann' baininscneach (*leabharlann, amharclann, bialann* srl.) Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh iarrthóirí inscne na bhfocal mar bíonn tionchar aige sin ar aon aidiachtaí a mbaintear úsáid astu. Seans go mbeadh sé cabhrach a mheabhrú d'iarrthóirí inscne na bhfocal nua a fhoghlaimíonn siad a sheiceáil, agus é sin a dhéanamh ar bhonn rialta. Is féidir é sin a dhéanamh gan mórán dua trí úsáid a bhaint as foclóir agus focail a mhúineadh in abairtí beaga, praiticiúla.

- Is cosúil go mbíonn deacrachtaí ag na hiarrthóirí maidir le húsáid an ailt le hainmfhocail. Botúin choitianta ná '*an t-amharclann*', '*an athair*', '*an bialann*' srl. Ba cheart go míneofaí d'iarrthóirí an tionchar a bhíonn ag an alt ar ainmfhocail áirithe.

- Is minic a bhíonn deacracht ag na hiarrthóirí an difríocht a aithint idir an fhoirm cheisteach agus an fhoirm dhearfach den bhriathar san aimsir chaite. Mar shampla, scríobh go leor de na hiarrthóirí '*D'fhan*' seachas '*fhan*' sa bhearna seo a leanas: '*Ar_____ sibh in óstán*?' Is earráid choitianta í sin san fhoirm cheisteach den aimsir chaite.

- Moltar go mbainfeadh múinteoirí úsáid as réimse leathan gníomhaíochtaí feasachta teanga i dtreo is go mbeidh iarrthóirí eolach ar na rialacha bunúsacha a bhaineann le gramadach na Gaeilge agus a bhfuil cur síos déanta orthu sa siollabas don leibhéal seo.

An scrúdú cainte
Iarrthóir amháin a chuirtear faoi scrúdú ag aon am amháin. Bíonn beirt scrúdaitheoirí i láthair, duine amháin acu sin ag plé leis an iarrthóir, ag cur na gceisteanna agus ag stiúradh an chomhrá. Déantar taifeadadh ar na scrúduithe cainte ar fad d'fhonn monatóireacht a dhéanamh agus ar mhaithe le taighde agus traenáil. Tugtar eolas thíos faoi scrúdú cainte
Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

Cuid	*An fad ama*	*An cineál taisc*	*Na feidhmeanna teanga*
1	3-4 nóiméad	Cuirtear roinnt ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (baile, teaghlach, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal, srl.)	Ag tabhairt eolais
2	2-3 nóiméad	Rólghníomhaíocht (a) Tugtar cárta don iarrthóir 5 nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú. Tá eochairfhocail ar an chárta a bhaineann le ranganna oíche, bialann nua, teach ar cíos srl. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dáta / am / áit / costas / uimhir theileafóin srl. (b) Ansin cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi áit nó imeacht atá cosúil leis an cheann atá léirithe ar an rólchárta. (Ní thugtar aon leideanna).	Ag tabhairt eolais Ag lorg eolais Ag cur tuairimí simplí in iúl
3	2-3 nóiméad	Cur síos ar radharc éigin i bpictiúr. Tugtar pictiúr d'iarrthóirí agus bíonn nóiméad amháin acu chun féachaint air. Iarrtar orthu cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl sa phictiúr. Léirítear daoine sa phictiúr ag glacadh páirte i ngnáthimeachtaí an lae, m.sh. ag siopadóireacht / ag dul ar bhus / ag féachaint ar an teilifís / ag obair srl.	Ag déanamh cur síos ar phictiúr agus an méid atá ag tarlú ann.

Na marcanna sa scrúdú cainte
Léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna a ghnóthaigh iarrthóirí sa scrúdú cainte.

(a) Lánchreidiúint

Scrúdú cainte	
Líon iarrthóirí a fuair 50% nó níos mó	87.5%
Líon iarrthóirí a fuair níos lú ná 50%	12.5%

(b) Páirtchreidiúint

Scrúdú cainte	
Grád	Céatadán na n-iarrthóirí
Pas	69%
Teip	31%

An scrúdú cainte - comhairle agus moltaí d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí
Ba cheart d'iarrthóirí aird a thabhairt ar na pointí thíos.

- Tríd is tríd, is i gCuid 1 den scrúdú cainte is fearr a éiríonn le hiarrthóirí. Baineann na ceisteanna a chuireann an scrúdaitheoir le gnáthshaol na n-iarrthóirí (m.sh. áit chónaithe, teaghlach, caitheamh aimsire, obair, laethanta saoire agus taisteal). Is cosúil go mbíonn iarrthóirí ullmhaithe go maith don chuid seo den scrúdú, agus taithí acu ar fhreagra a thabhairt ar cheisteanna simplí ar nós '*Cad as duit?*' nó '*Cén obair atá agat?*'

- Is léir ón aiseolas a thugann na scrúdaitheoirí cainte nach mbíonn an-chuid de na hiarrthóirí ullmhaithe go maith don rólghníomhaíocht. Cuireann na hiarrthóirí féin in iúl sna ceistneoirí gur minic nach mbíonn aon chleachtadh acu nó nach ndéanann siad mórán cleachtaidh ar rólghníomhaíochtaí sa seomra ranga. Cuireann na scrúdaitheoirí cainte in iúl freisin go mbíonn deacrachtaí móra ag na hiarrthóirí leis na ceisteanna is bunúsaí. Tá sé tábhachtach go múinfí d'iarrthóirí conas ceisteanna simplí a chumadh agus mholfaimis do mhúinteoirí níos mó ama a chaitheamh ar an ábhar seo sa seomra ranga. Ba cheart go mbainfí úsáid as réimse leathan gníomhaíochtaí le cinntiú go bhfaigheann iarrthóirí cleachtadh ar chumadh agus ar fhreagairt ceisteanna simplí. Féach na físeáin eolais maidir le scrúduithe cainte TEG atá le fáil ar www.teg.ie

- I gCuid 3 tugtar pictiúr d'iarrthóirí. Bíonn nóiméad amháin acu chun smaoineamh ar an méid a déarfaidh siad, sula dtosaíonn siad ar chur síos a dhéanamh ar an phictiúr. Ag an leibhéal seo, ní lorgaítear ón iarrthóir ach cúig nó sé abairt shimplí, m.sh., '*Tá an teaghlach ag dul ar saoire*' / '*Tá nuachtán ag an fhear*' / '*Tá an traein ag dul go Baile Átha Cliath*'. Tríd is tríd, éiríonn go maith le hiarrthóirí sa chuid seo den scrúdú.

- Ba cheart cabhrú le foghlaimeoirí forbairt bheag a dhéanamh ar a gcuid freagraí. Bíonn sé an-deacair cumas na n-iarrthóirí a mheas mura ndeir siad ach '*ní hea*' nó '*níl*'. Mar léiriú ar an fhadhb seo féach an sampla seo thíos:

  Sampla
  Scrúdaitheoir: *An maith leat spórt?*
  Iarrthóir: *Ní maith.*
  Scrúdaitheoir: *An éisteann tú le ceol?*
  Iarrthóir: *Ní éistim.*

Cuirtear go mór leis an chumarsáid idir an scrúdaitheoir agus an t-iarrthóir má dhéanann foghlaimeoirí iarracht bheag cur lena bhfreagraí. Féach na samplaí thíos:

Sampla 1

Scrúdaitheoir: *An mbreathnaíonn tú ar an teilifís?*
Iarrthóir: *Ní bhreathnaím. Ní maith liom an teilifís ach is maith liom ceol. Éistim le popcheol.*

Sampla 2

Scrúdaitheoir: *An maith leat ceol?*
Iarrthóir: *Níl suim dá laghad agam sa cheol ach is breá liom dul go dtí an phictiúrlann. Téim go dtí an phictiúrlann go minic le mo chairde.*

- Ní bheifí ag súil ag an leibhéal seo go mbeadh iarrthóirí ábalta páirt a ghlacadh i gcomhrá fada. Bítear ag súil nach mbeidh mar fhreagra acu ach abairt nó dhó, agus iad sin a bheith gairid. Tá sé mar bhunchuid den siollabas, áfach, go mbeadh iarrthóirí ábalta déileáil mar is cuí le hócáidí áirithe. Mar shampla, ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann a chur in iúl don scrúdaitheoir nár thuig siad rud éigin, nó iarraidh ar an scrúdaitheoir ceist a chur athuair, nó iarraidh go ndéarfaí focal éigin níos moille. Chun teacht ar bhreis eolais maidir le straitéisí cumarsáide féach *Bonnleibhéal 1 (A1): Siollabas agus treoir don mhúinteoir*, leathanaigh 5-7.

- Tugtar thíos roinnt de na hearráidí is coitianta a dhéanann iarrthóirí sa scrúdú cainte ag an leibhéal seo:

  (1) An t-alt a fhágáil ar lár, nó an t-alt a úsáid go mícheart. Mar shampla, '*an athair*' (*an t-athair*) agus '*an máthair*' (*an mháthair*).

  (2) Úsáid a bhaint as *ba mhaith liom* in áit *is maith liom*. Mar shampla,
  Scrúdaitheoir: *Cén caitheamh aimsire ata agat?*
  Iarrthóir: *Ba mhaith liom ceol. (Is maith liom ceol).*

  (3) Ceisteanna a fhreagairt go mícheart. Mar shampla, Scrúdaitheoir: *An imríonn tú galf?*
  Iarrthóir: *Tá / Is ea. (Imrím / Ní imrím).*

  Ag an leibhéal seo, is leor an briathar a úsáid arís chun freagra dearfach/diúltach a chur in iúl. Chun foghlaimeoirí a threorú maidir le húsáid cheart a bhaint as '*Tá / Is ea*' is gá cleachtadh rialta a dhéanamh ar conas ceisteanna a fhreagairt ó thús an phróisis foghlamtha teanga.

  (4) Gan séimhiú a chur ar ainmfhocal tar éis úsáid a bhaint as an aidiacht shealbhach '*mo*' Mar shampla '*mo post*' (*mo phost*), '*mo mac*' (*mo mhac*).

Moltaí ginearálta

- Moltar go láidir do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí grinnstaidéar a dhéanamh ar an dá scrúdú shamplacha agus ar na treoracha a théann leo. Tá na hábhair sin ar fáil ar an suíomh **anseo.**

- Is féidir teacht freisin ar ábhar samplach teagaisc atá oiriúnach don leibhéal seo ar an suíomh **anseo**. Moltar freisin go gcuirfeadh múinteoirí leis na hacmhainní sin, ag brath ar riachtanais agus aidhmeanna cibé grúpa foghlaimeoirí a bhíonn acu.

- Iarrtar ar iarrthóirí an t-eolas agus na moltaí a thugtar ar an suíomh a léamh go cúramach. Is ar shuíomh TEG www.teg.ie a bhíonn an t-eolas is déanaí maidir le dátaí na scrúduithe agus is ansin a bhíonn eolas faoi aon uasdátú maidir le hábhair na scrúduithe.